

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2003





Clár

| | Leathanach |
|---------------------------------------|------------|
| 1. Ráiteas Cathaoirligh | 4-5 |
| 2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis | 6-7 |
| 3. Feidhmeanna an Údaráis | 8 |
| 4. Acmhainní | 9 |
| 5. Straitéis | 10 |
| 6. An Clárú Gnóthais Sochair Sláinte | 11 |
| 7. Rialú Corparáideach | 12-13 |
| 8. Leasa Tomhaltóra | 14-15 |
| 9. Ceisteanna Táirge | 16 |
| 10. Cothromú Fiontair | 17-20 |
| 11. Grádú Pobail | 20 |
| 12. Ceisteanna Iomaíochta | 21 |
| 13. Sochair Íosta | 22 |
| 14. Caidreamh le Páirtithe Leasmhara | 22 |
| 15. Iontrálaithe Nua | 22 |
| 16. Taighde Coimisiúnaithe | 23 |
| 17. Timpeallacht Polasaithe | 24 |
| 18. Cuntais | 25-38 |

Aguisín A – “Staitisticí maidir leis an Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2003”

Aguisín B – “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte”

1. Ráiteas Cathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais den Údarás Árachas Sláinte ("an tÚdarás ") a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2003.

Bliain chinniúnach ab ea í don Údarás an bhliain seo caite agus bhíomar in ann sinn féin a bhunú mar fhíorghuth laistigh den tionscal trí obair chrua agus úsáid éifeachtúil acmhainní. Bliain mhór le rá dúinn de bhíthin gur tugadh an Scéim Cothromú Fiontair os comhair Thithe an Oireachtais a bhí scrúdaithe ag an Choimisiún Eorpach cheana, níor chuir siad ina coinne, agus tháinig sí i bhfeidhm ar 1 Iúil, 2003.

Is den chéad tréimhse sé mhí idir 1 Iúil go dtí 31 Nollaig, 2003 a bhaineann na chéad torthaí faoin Scéim agus ghlac an tÚdarás iad faoi 30 Eanáir, 2004. I ndiaidh dúinn cuid mhór ama, iarrachtaí agus acmhainní a chaitheamh le dhá bhliain anuas ag déanamh réidh dár ról suntasach maidir le cothromú fiontair, táimid ag dúil go mór leis an ról sin a chomhlíonadh go gairmiúil agus go muiníneach in am is i dtráth.

Gnóthais Chláraithe

Lean an tÚdarás lena fheidhmeanna reachtúla agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le clárú gnóthais sochair sláinte a sholáthraíonn árachas sláinte príobháideach.

Le linn 2003, sholáthair foireann an Údaráis achoimrí go mion ar an reachtaíocht agus ar ghnéithe eile an mhargaidh d'ábhair iontrálaithe nua. Tá an tÚdarás dóchasach go dtiocfadh árachóirí eile tráchtála isteach sa mhargadh Éireannach i 2004, mar chreideann sé gur féidir leis an iomaíocht sa mhargadh Éireannach bheith ina bhuntáiste don tomhaltóir.

Cothromú Fiontair

Le linn 2003, lean an tÚdarás leis ag ullmhú do theacht isteach na Scéime Cothromú Fiontair agus dá bharr bualadh le hárachóirí chun a riachtanais faoi thorthaí toilte faoin Scéim. Conarthaí substaintiúla a bhí iontu agus bhí an tÚdarás san áit chun treoir chuimsitheach a sholáthair don mhargadh agus, go díreach, do pháirtithe leasmhara eile trí fhoilsiú dhá dhoiciméad, a thairiscíonn treoir de chúrsaí ginearálta agus den taobh sainiúil den scéim cothromaithe fiontair. Tá siad beirt ar fáil ar ár líonláithreán www.hia.ie.

Leasa Tomhaltóra

Tá an tÚdarás geallta don leas is fearr do thomhaltóirí mar phrionsabal treorach dá ghníomhartha. D'fhoilsigh an tÚdarás a chéad taighde neamhspleách in Aibreán 2003 faoin mhargadh árachas sláinte, a léirigh roinnt díothachtaí le soláthair eolais sa mhargadh. Thug an tÚdarás céimeanna le dul i ngleic leis na díothachtaí seo agus leanfaidh sé leis ábhar tosaíochta a dhéanamh díbh.

Iomaíocht

Ag teacht ar chinneadh don Údarás maidir le moladh ar chothromú fiontair is gá dó aird a thabhairt ar leibhéal iomaíochta idir gnóthais árachas sláinte príobháideach. Chuige sin, choimisiúnaigh an tÚdarás taighde ó mhórchomhlacht sainchomhairliúchán eacnamaíochta. Sholáthair an taighde eolas úsáideach dúinn i gcomhthéacs phróiseas ár gcinnteoireachta maidir le cothromú fiontair agus tá súil ag an Údarás go mbeidh siad in ann an taighde seo a fhoilsiú agus a phróiseas breithniúcháin déanta.

Conclúid

Ba mhaith liom mo buíochas a dhéanamh lenár gComhaltas Údaráis uile as a ngealltanais agus as a n-ionchur ar ár gcruinnithe le linn na bliana.

Is bliain í seo inar thógamar ár ndúshraith láidir agus inár fhorbraíomar ár saineolas trasna réimse ábhar bainteach.

Thar ceann an Údaráis, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Mícheál Ó'Máirtín T.D. agus oifigí ina Roinn as a dtacaíocht le linn na bliana.

Sa deireadh ba mhaith le Comhaltaí an Údaráis buíochas a ghabháil leis an Phríomh-Fheidhmeannach/Chláraitheoir, an tUasal Diarmuid Ó'Riain agus an fhoireann as a ngealltanais agus as a ndiongbháilteacht do spriocanna agus aidhmeanna an Údaráis fud fad na bliana.

Alan Wood

An tOllamh Alasdair Mac Conchoille
Cathaoirleach

6 Aibreán 2004

2. Comhaltaí agus Foireann an Údaráis



An tOllamh Alasdair Mac Conchoille (Cathaoirleach)

Iar-Ollamh sa Mhatamaitic Fheidhmeach

Comhalta Oinigh de Chumann Achtúirí in Éirinn

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó'Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí ag leanúint comhairliúcháin le heagraíochtaí ionadaíocha bainteacha.



An Iníon Máire Ní Dhúill

Sainchomhairleoir Eacnamaíoch agus Gnó

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó'Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí.



An tUasal Tom Greene

Cuntasóir

Ainmnithe ag Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó'Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí.



An Iníon Anne Maher

Príomh-Fheidhmeannach, An Bord Pinsean

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó'Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí.



An tUasal Aodán Ó'Domhnaill

Príomh-Achtúire, Cuideachta Árachais Angla-Éireannach

Comhalta de Chumann Achtúirí in Éirinn

Ainmnithe ag Cónascadh Árachais Éireannaigh agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó'Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí.

Foireann Bainistíochta

Is é a leanas foireann bainistíochta an Údaráis:

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir



An tUasal Diarmuid Ó'Riain

Bainistíocht



An Iníon Imelda Ní Ghallchóir – *Bainisteoir Cúrsaí Corparáideacha / Rúnaí don Údarás*



An tUasal Liam Ó'Sluagháin – *Ceannaire Seirbhísí Comhlíonta*



An tUasal Briain Tornóir – *Ceannaire Taighde/Seirbhísí Teicniúla*



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag Teach Canála, Bóthar Canála, Baile Átha Cliath 6. Fón: (01) 406 0080; Facs: (01) 406 0081 nó info@hia.ie nó logáil ar www.hia.ie

3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás ar 1 Feabhra, 2001¹ faoin Acht Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an achta seo, an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2001 agus an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2003 (“Achtanna Árachas Sláinte”). Le chéile soláthraíonn siad d’fheidhmiú agus rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn. An tAontas Eorpach “An Tríú Treoir Árachais Nach Árachas Saoil É” (“An Treoir”)² a leagann amach na riachtanais don mhargadh inmheánach do Bhallstáit maidir le hárachas nach árachas saoil é, árachas sláinte san áireamh. Ligeann an reachtaíocht Eorpach seo do Bhallstáit aonair glacadh le riachtanais ar leith ar an dóigh is cuí dá gcóras dleathach náisiúnta féin agus dá gcóras náisiúnta cúram sláinte.

Rinneadh an Treoir a mhalartú isteach go dlí na hÉireann trí achtú Achtanna Árachas Sláinte a chumhdaíonn na trí phrionsabal d’árachas sláinte príobháideach, eadhon, grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saolré go dlí na hÉireann.

Is iad príomh-fheidhmeanna an Údaráis mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna Árachas Sláinte:

1. torthaí a tugadh dó faoi rialacháin cothromú fiontair a tugadh isteach a mheas agus a scagadh agus tuairisc a ullmhú agus a thabhairt don Aire maidir le –
 - (a) an mheastóireacht agus scagadh seo, agus
 - (b) ábhair a bhaineann le gnó árachas sláinte a dhéanamh agus imeachtaí maidir le hárachas sláinte go ginearálta a cheapann an tÚdarás ar chóir é a chur sa tuairisc de bharr na meastóireachta agus an scagtha úd;
2. a ról a chomhlíonadh (cur síos go mion déanta in Alt 10) maidir le cinneadh an Aire ar cé acu ba chóir tús a chur le cothromú fiontair nó nár chóir;
3. an próiseas a bhainistiú agus a riaradh má chuirtear tús le cothromú fiontair, agus an ciste chothromú fiontair a chothabháil agus tuarascáil bhliantúil a dhéanamh don Aire ag déanamh meastóireachta ar oibriú na scéime do gach tréimhse 12 mí ina ndéantar íocaíochtaí cothromú fiontair;
4. “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” a chothabháil;
5. comhairle a chur ar an Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le:
 - (a) a feidhmeanna faoi na hAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) feidhmeanna an Údaráis féin; agus
 - (c) árachas sláinte go ginearálta;
6. monatóireacht a dhéanamh ar:
 - (a) oibriú na nAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) gnó árachais sláinte a dhéantar; agus
 - (c) imeachtaí árachas sláinte go ginearálta.

Tá an tÚdarás cumhachtaithe chun cumhacht ar bith a chleachtadh de réir mar is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir leis an Aire tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna.

Tá an tÚdarás ag dúil go mór a ról a fhorbairt agus a chomhlíonadh sa dóigh go dtig leis an tseirbhís is iomláine is fearr a sholáthar don tomhaltóir.

1 An tAcht Árachas Sláinte, Ordú 1994 (Lá Bunaithe), 2001. (S.I. Uimh. 40 de 2001).

2 Treoir na Comhairle 92/49/CEE 18 Meitheamh, 1992 ar chomhordú dlíthe, rialacha agus forálacha riarachán ag baint le hárachas díreach seachas árachas saoil agus Treoir 73/239/CEE agus 88/357/CEE (an tríú Treoir árachais nach árachas saoil é) a leasú. (OJ L 228, 11.8.1992, lch.1). Acht Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialachán Cánach, 2001(S.I. Uimh. 255 de 2001).

4. Acmhainní

Foireann

D'earcaigh an tÚdarás iomlán foirne de naonúr den chéad uair in 2003. Tá baill na foirne geallta do sheirbhís ghairmiúil a sholáthar don phobal agus don tionscal.

Maoiniú

Soláthraíonn Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994 cáin a ghearradh ar ghnóthais chláraithe a thabharfar isteach trí rialachán chun oibriúcháin an Údaráis a mhaoiniú³. (Is é gnóthas cláraithe an téarma a thugtar ar árachóir sláinte a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn agus atá cláraithe ar "An Clár Gnóthas Sochair Sláinte". Cothabhálann an tÚdarás an Clár seo). Is iad na rialacháin a thug an tAire isteach in 2001 a leagann síos an méid atá le híoc ar 0.14% d'ioncam, atá le híoc ar bhonn ráithiúil. Tá oibleagáid ar ghnóthais cláraithe sonraí d'ioncam agus uimhreacha de dhaoine árachaithe ar a scéim a chur isteach. Tugtar mionsonraí ar ioncam agus ar staitisticí ar an mhargadh árachas sláinte in Aguisín A.

3 Acht Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin Cánach, 2000 (S.I. Uimh. 255 de 2001).

5. Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

Fís an Údaráis

Is í fíis an Údaráis ná *“Leas do chách a bhaint amach trí mhargadh árachas sláinte iomaíoch a éascú agus grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saolré a chaomhnú”*.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

A fhís a bhaint amach trí:

- ▲ *mhonatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta*
- ▲ *mholtaí a dhéanamh ar chur i ngníomh nó a mhalairt de ar chothromú fiontair agus scéim ar bith cothromú fiontair a bainistiú agus a rialú*
- ▲ *chomhairle a chur ar an Aire faoi árachas sláinte go ginearálta*
- ▲ *chur i ngníomh rialachán eile bainteach mar atá forordaithe*
- ▲ *leasa tomhaltóirí árachas sláinte faoi láthair agus iad amach anseo a chosaint.*

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás luachanna air le cur i bhfeidhm ina ghníomhartha. Is iad luachanna an Údaráis:

- ▲ *a neamhspleáchas a choinneáil*
- ▲ *gníomhú go neamhchlaontach agus le hionracas i gcónaí*
- ▲ *oibriú ar dhóigh ghairmiúil agus éifeachtach*
- ▲ *a dhúshlán uathúla a chomhlíonadh, bheith in ann glacadh le smaointe nua agus moltaí ó gach foinse agus bheith nuálach ina chur chuige*
- ▲ *trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre uile*
- ▲ *meas a bheith acu ar a dhaoine*

Cuireann an tÚdarás a fhís, a mhisean agus a luachanna i bhfeidhm chun caighdeán arda agus soláthar seirbhís cáilíochta a choinneáil.

6. An Clárú Gnóthais Sochair Sláinte

Is é ceann amháin d'fhreagrachtaí an Údaráis ná cothabháil "An Clár Gnóthais Sochair Sláinte" ("an Clár"). Soláthraíonn Alt 14 den Acht Árachas Sláinte go gcaithfidh árachóir árachais ar bith, a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh. Is gá don árachóir sláinte iarraidh ar an Údarás le bheith curtha san áireamh ar an Chlár ar bhonn bliantúil agus mionsonraí ar scéim árachas sláinte ar bith atá i bhfeidhm a sholáthair don Údarás. Scrúdaíonn an tÚdarás an scéim le cinntiú go gcomhlíonann sé le gach reachtaíocht bhainteach. Nuair a mheasann an tÚdarás go gcomhlíonann sé seo, eisítear teastas don árachóir sláinte ag dearbhú gur féidir leis an árachóir árachas sláinte príobháideach, de réir théarmaí a rialacha agus a reachtaíochta baintí, a thairiscint. Ní iarrtar táillí ar son eisiúint an teastais seo. Is gá d'árachóir sláinte a chuir deireadh leis an obair sna 12 mí roimhe, cur in iúl don Údarás faoi seo agus bainfead an t-árachóir sláinte den Chlár.

Tá dhá chineál árachóir sláinte ann. Is iad na hárachóirí sláinte na gnóthais tráchtála amhail BUPA Ireland agus Vhi Healthcare ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir ar mhian leis árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir téarmaí agus coinníollacha ar leith a chomhlíonadh). Is scéim gairme iad Gnóthais Shrianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith. Tá na scéimeanna seo faoi réir téarmaí agus coinníollacha chomh maith.

Tá na hárachóirí sláinte ar an Chlár ar 31 Nollaig 2003 liostaithe in Aguisín B.



7. Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais

D'ullmhaigh an tÚdarás "Cód Cleachtais maidir le Rialú An Údaráis Árachas Sláinte" bunaithe ar an "Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit" eisithe ag an Roinn Airgeadais i Márta 2002. Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i bpróiseas leanúnach chun gach gnáthamh agus treoirlínte cuí ar rialú corparáideach a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh na Cuntais Bhliantúla do 2003 isteach d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ("an AR&CC") le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig iniúchadh ar na Cuntais seo agus cheadaigh an oifig sin iad agus tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag Alt 18.

D'eisigh an AR&CC doiciméid ar rialú corparáideach i 2003 ag leagann amach na treoirlínte agus caighdeáin le haghaidh cuntais a chur isteach d'iniúchadh. Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte seo chomh maith.

Measúnú Riosca agus Iniúchadh Inmheánach

D'fhostaigh an tÚdarás comhairleoirí seachtracha le hAnailís Measúnú Riosca agus Iniúchadh Inmheánach ar an Údarás a dhéanamh i 2002.

Is é a bhí sa Mheasúnú Riosca ná ceardlann inar aontaigh Comhaltaí agus foireann an Údaráis eochairfhiontraí os comhair an Údaráis. D'aontaigh an tÚdarás an "Plean Gníomhaíochta" le dul i ngleic le ceisteanna ag éirí as.

Rinneadh Iniúchadh Inmheánach ar an Údarás agus rinne na Comhaltaí athbhreithniú ar an tuairisc. Léirigh an tuairisc go raibh na gnáthaimh agus na meicníochtaí i bhfeidhm ag an Údarás cuí agus sásúil. Tá sé socraithe athbhreithniú a dhéanamh ar an chás seo le cinntiú go bhfeidhmíonn na gnáthaimh uile laistigh de na caighdeáin riachtanacha.

Saoráil Faisnéise

Cuireadh in iúl don Údarás go mbeidh gach comhlacht poiblí faoi réir riachtanais na reachtaíochta ar Shaoráil Faisnéise. Agus é ag ullmhú chun é seo a chomhlíonadh cheap an tÚdarás "Oifigeach Idirchaidrimh Saoráil Faisnéise" a bheidh ag déileáil go díreach le ceisteanna faighte laistigh de na hachair ama leagtha amach sa reachtaíocht. Ceapadh "Cinneadóir Saoráil Faisnéise" chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an próiseas ar bhonn leanúnach.

Táthar ag súil go mbeidh an tÚdarás san áireamh ar an liosta de na comhlachtaí poiblí i 2004.



Pictiúir Ó chlé go deis: Comhaltaí an Údaráis: An Iníon Máire Ní Dhúill, An tUasal Aodán Ó'Domhnaill, An tOllamh Alasdair Mac Conchoille, An tUasal Tom Greene agus An Iníon Anne Maher.

Eitic in Oifig Phoiblí

Cuireadh in iúl don Údarás go bhfuil sé san áireamh ar an Sceideal mar gheall ar Achtanna Eitice in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon na Comhaltaí agus gach ball foirne bainteach an Údaráis a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta seo.

Straitéis Cumarsáide

Is mian leis an Údarás cur in iúl do thomhaltóirí, do na páirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne faoi na ceisteanna ag baint le hárachas sláinte príobháideach in Éirinn. D'fhorbair an tÚdarás Straitéis Cumarsáide ina n-áirítear rólanna agus freagrachtaí an Údaráis faoi réir reachtaíocht árachas sláinte agus thomhaltóirí, agus gnóthais árachas sláinte, comhlachtaí gairmiúla, na páirtithe leasmhara, comhlachtaí tionscail, achtóirí agus soláthróirí cúram sláinte a chur ar eolas na faoi na coincheapa amhail rollú oscailte, clúdach saolré, grádú pobail agus sochair íosta. Tá ról suntasach ag an Údarás maidir le cothromú fiontair ar ar cuireadh síos go mion sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Rinne an tÚdarás próisis chomhairliúcháin maidir le cothromú fiontair, grádú pobail agus sochair íosta. Bhuaill baill foirne le daoine aonair agus grúpaí a rinne aighneachtaí maidir leis na ceisteanna ar leith seo agus is féidir iad a fheiceáil ar ár líonláithreán www.hia.ie.

Tá polasaí oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le thomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus páirtithe eile a bhfuil suim acu i soláthar seirbhís rialúcháin agus i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Leanfaidh an tÚdarás air an polasaí oscailteachta seo a chur i bhfeidhm ag dul chun tosaigh le béim ar leasa foriomlána thomhaltóirí árachas sláinte faoi réir reachtaíocht árachas sláinte.

8. Leasa Tomhaltóirí

Tá leasa tomhaltóirí barrthábhachtach don Údarás. Déanann an tÚdarás measúnú ar thoradh rialachán ar bith nó ar reachtaíocht nua ar thomhaltóirí. In éineacht le heagraíochtaí eile a bhfuil freagrachtaí orthu sa réimse seo, beidh sé mar aidhm ag an Údarás le cinntiú go mbíonn tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta; go míníonn polasaithe agus ábhar poiblíochta an clúdach ar bhealach cothrom agus comparáideach; go coinnítear grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saolré agus go mbíonn gnáthaimh chúil ag soláthróirí árachas sláinte le déileáil le gearáin chustaiméirí.

Faisnéis Tomhaltóirí

D'aimsigh taighde a d'fhoilsigh an tÚdarás in Aibreán gur ann d'easnamh suntasach faisnéise i measc tomhaltóirí árachas sláinte príobháideach. Taispeánann an taighde, go háirithe, gur beag tomhaltóir atá ann a bhfuil tuiscint iomlán aige ar a pholasaí árachas sláinte nó ar a chearta mar thomhaltóir árachas sláinte príobháideach. De réir cosúlachta bhí éifeacht dhiúltach ag an easnamh faisnéise ar leibhéal aistrithe idir árachóirí sa mhargadh. As líon na dtomhaltóirí árachas sláinte príobháideach a d'fhreagair an suirbhé ní dúirt ach 6% gur aistrigh siad idir árachóirí riamh.

Is é barúil an Údaráis dá rachfaí i ngleic leis an easnamh faisnéise:

- go mbeadh sé ina chuidiú ag tomhaltóirí chun cinnti ar an eolas a dhéanamh faoina n-árachas sláinte príobháideach;
- go n-éascódh sé tomhaltóirí chun tairbhe a bhaint as a gcearta;
- go mbeadh buntáiste ann don iomaíocht sa mhargadh trí chur in iúl do thomhaltóirí a éascaí atá sé dóibh le haistriú idir polasaithe; agus
- go mbeadh sé ina chuidiú ag tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir pleananna.

Chuathas i ngleic leis an easnamh faisnéise seo i 2003 ar dhá dhóigh:

- ▲ D'fhoilsigh an tÚdarás dhá bhileog faisnéise tomhaltóra i Mí na Nollag. Tá sé mar aidhm ag na bileoga seo, dar teideal "Árachas Sláinte Príobháideach, Do Chearta, Do Roghanna" agus "Ag Roghnú Táirge Árachas Sláinte Príobháideach" faoi seach, tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus cuidiú a thabhairt dóibh táirgí árachas sláinte príobháideach a thuiscint agus a roghnú.
- ▲ Le héascú le tomhaltóirí chun táirgí árachas sláinte príobháideach a chur i gcomparáid lena chéile, dhréachtaigh an tÚdarás doiciméad ag cur síos ar na príomhghnéithe táirgí a dhíolann Vhi Healthcare agus BUPA Ireland i bhformáid shimplí, ghairid agus shothuigthe. Cuireadh mionsonraí an doiciméid seo ar aghaidh chuig árachóirí i Mí na Nollag chun athbhreithniú a dhéanamh orthu agus i mí Eanáir 2004 d'fhoilsigh an tÚdarás an doiciméad.

Athbhreithniú ar Phróisis Árachóirí

Mar chuid dá shainordú chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú gnó árachas sláinte, déanann an tÚdarás athbhreithniú ar phróisis a úsáideann árachóirí agus iad ag déileáil le tomhaltóirí. Go dtí seo rinne an tÚdarás athbhreithniú ar phróiseas iarratas agus ar phróiseas gearán. Tá próiseas díolachán faoi athbhreithniú faoi láthair. Chuir an tÚdarás comhairle ar árachóirí gurb é a bharúil gur chóir dóibh athruithe ar leith a dhéanamh do na próisis úd. San áireamh leis na hathruithe a mhol an tÚdarás, moltar:

- ▲ Ag an díolphointe ba chóir go gcuirfeadh árachóirí soiléireacht níos fearr ar fáil do thomhaltóirí maidir le tréimhsí feithimh, agaí feithimh faoi choinníoll ar ann dóibh cheana, ach go háirithe. Is é an cleachtas reatha atá ann nach bhfiafraíonn árachóirí faoi choinníollacha ar ann dóibh cheana ag an díolphointe. Ina áit sin, fanann árachóirí go dtí go ndéantar éileamh, ag an am seo, déanann siad cinneadh cé acu ba ann don choinníoll ag an am nuair a díoladh an polasaí nó nárbh ann. Má mheasann siad gurbh ann dó nuair a díoladh an polasaí diúltaíonn siad an t-éileamh a íoc. Ba chóir é a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir go raibh an tomhaltóir ag íoc préimheanna ar feadh roinnt blianta agus gur cuireadh costais shuntasacha orthu ar son cóireála agus iad den bharúil go raibh an chóireáil clúdaithe agus go dtabharfar na táillí ar ais dóibh. Creideann an tÚdarás nach míníonn siad an cleachtas seo go sásúil, tá sé seo teimhneach agus níl sé le leas tomhaltóirí.
- ▲ Ba chóir d'árachóirí cód cleachtais a thabhairt isteach faoi ghearáin tomhaltóirí, ar chóir dóibh é a chur ar fáil do thomhaltóirí. Dhréachtaigh an tÚdarás cód dá mhacasamhail seo agus scaip sé é ar árachóirí.
- ▲ Thóg an tÚdarás ábhair imní le hárachóirí faoi chleachtais ar leith nach mbeadh fóirsteanach i margadh grádaithe pobail, amhail tréimhsí feithimh a tharscaoileadh go roghnach agus sochair bhreise a thairiscint saor in aisce nó ar rátaí ar lascaine do thomhaltóirí i gcomhar le polasaithe árachais sláinte.
- ▲ Lean an tÚdarás leis athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar poiblíochta agus fógraíochta eisithe ag árachóirí agus thug sé comhairle ar an ghá le haghaidh athruithe mar is cuí.

Cé go bhforálann siad go ndéanann an tÚdarás monatóireacht ar fheidhmiú na nAchtanna agus ar árachas sláinte go ginearálta ní fhorálann na hAchtanna Árachas Sláinte don Údarás cumhachtaí forfheidhmithe nó an chumhacht chun rialacháin a dhéanamh ach an chumhacht chun ceadúnas a bhaint d'árachóirí chun leanúint le gnó a dhéanamh. Dá bhrí sin, má theipeann ar árachóirí moltaí an Údaráis a thabhairt isteach ar bhonn deonach, is gá don Údarás machnamh a dhéanamh chun tuairisc a chur ar aghaidh chuig an Aire Sláinte agus Leanaí ag moladh gur chóir dó nó di tabhairt faoi ghníomh.

Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Fuarthas roinnt gearán ó thomhaltóirí agus tá an cheist faoi ról an Údaráis maidir le gearáin tomhaltóirí faoi athbhreithniú gníomhach faoi láthair.

Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ÚRSAÉ)

Tá freagrachtaí ar an ÚRSAÉ chomh maith maidir le leasa tomhaltóirí sa mhargadh árachas sláinte príobháideach. Bhuaile an tÚdarás le Stiúrthóir Tomhaltóirí an ÚRSAÉ agus d'aontaigh an dá rialtóir tús a chur le hobair ar mheabhrán tuisceana a shoiléireoidh a rólanna agus freagrachtaí faoi seach.

9. Ceisteanna Táirge

Tá sé tábhachtach don Údarás caighdeán a chaomhnú maidir le hárachas sláinte. Chuige sin, déanann an tÚdarás monatóireacht ar tháirgí árachas sláinte atáthar á ndíol in Éirinn chomh maith le rudaí eile ar féidir leo éifeacht bheith acu ar an mhargadh árachas sláinte príobháideach amhail pleananna airgid thirim an ospidéal agus polasaithe géarthinnis. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar an dóigh a ndéantar táirgí a fhógairt agus a dhíol agus bhí roinnt cainteanna le soláthóirí árachas sláinte faoi phróisis ghearán.

Le linn 2003 seoltar roinnt táirgí nua ar an mhargadh, ina measc bhí an Health Manager Starter ó BUPA Ireland agus Plan B Excess agus HealthSteps Silver ó Vhi Healthcare. Rinne an tÚdarás scrúdú ar mhionsonraí na dtáirgí nua seo le leibhéal clúdaigh a bhí á thairiscint a chinntiú. Tá an tÚdarás sásta go raibh agus go bhfuil na táirgí seo cuí, ag comhlíonadh riachtanais rialacháin na Sochair Íosta.

Bhí an tÚdarás i dteagmháil le hionadaithe a bhí ag gníomhú thar ceann eagraíochta atá ag pleanáil táirge nua árachais a sheoladh in Éirinn. Chuathas i dteagmháil leis le cinntiú cé acu ba ann do na táirgí seo agus conarthaí árachas sláinte nó nárbh ann dóibh agus, dá bhrí sin, cé acu a bhí ar soláthóirí clárú mar ghnóthas sochair sláinte nó nach raibh. Bheadh ar an Údarás mionsonraí clúdaigh eile atá le soláthar a scrúdú sula dtiocfadh leis bheith sásta cé acu ba ann dá leithéid de chlúdach agus conarthaí árachas sláinte nó nárbh ann. Faoi láthair, tá an chuma sin air nach gá na táirgí seo a chlárú agus coinneofar na táirgí seo faoi athbhreithniú.

Le linn na bliana, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar ábhar ó sholáthóirí plean airgid thirim maidir lena dtáirgí, agus bhuaile sé le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus roinnt de na soláthóirí seo, chun ceisteanna ag éirí amach as a phlé. Faoi láthair, ní ghlactar le pleananna airgid thirim mar chonarthaí árachas sláinte, agus dá bhrí sin, níl siad á rialú ag an Údarás.

